Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2015**
**(OR. en)**

**8993/15**

**DATAPROTECT 83**
**ECO 63**
**IND 81**
**COMPET 231**
**DIGIT 39**
**MI 322**
**PI 34**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8566/15 DATAPROTECT 68 ECO 56 IND 68 COMPET 181 DIGIT 31 MI 287 PI 31 |
| Ábhar: | Beartas an Mhargaidh Aonair Dhigitigh<br>a) Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le claochlú digiteachthionsclaíocht na hEorpa<br>*- Glacadh* |

1. Ag aithint di an tábhacht a bhaineann le claochlú digiteach na tionsclaíochta i dtaca le poist a chruthú, borradh a chur faoin táirgiúlacht agus feabhas a chur ar iomaíochas ghnólachtaí an Aontais Eorpaigh, chinn Uachtaránacht na Laitvia Conclúidí ón gComhairle a ullmhú maidir le claochlú digiteach thionsclaíocht na hEorpa, i gcomhthéacs sheoladh Straitéis Mhargadh Aonair Dhigitigh an Choimisiúin (DSM). Leis na Conclúidí sin agus leis an plé a dhéanfar ar DSM ag an gComhairle (Iomaíochas) an 28 Bealtaine, cuirfear le hionchur Uachtaránacht na Laitvia leis an idirphlé a bheidh ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2015.

2. Rinne an <u>Mheitheal um Chumas Iomaíochta agus um Fhóras (Tionsclaíocht)</u> scrúdú ar na dréacht-Chonclúidí an 21 Aibreán, an 29 Aibreán agus an 4 Bealtaine 2015.

3. Scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe na dréacht-Chonclúidí sin ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Bealtaine 2015, réitigh sé na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach agus shocraigh na dréacht-Chonclúidí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas), a mbeidh cruinniú aici an 28-29 Bealtaine 2015, le go nglacfar iad. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta ag UK maidir leis an téacs, i ndiaidh na dtoghchán náisiúnta a bhí ansin le déanaí.

4. Iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas), dá bhrí sin, na Conclúidí a ghlacadh mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo agus na hathruithe a rinneadh air i gcruinniú Choiste na mBuanionadaithe á léiriú.

Na hathruithe a rinneadh ar an leagan deiridh (8566/15), léirítear iad i **gcló trom a bhfuil líne faoi** i gcás téacs a cuireadh isteach, agus le [...] i gcás téacs a scriosadh.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

## DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CLAOCHLÚ DIGITEACH THIONSCLAÍOCHT NA hEORPA[1]

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI **na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2013**[2], inar aithníodh an tábhacht a bhaineann le geilleagar láidir digiteach ar mhaithe le fás agus le hiomaíochas na hEorpa i ndomhan atá domhandaithe agus ina ndúradh nach mór gach iarracht a dhéanamh chun tionsclaíocht na hEorpa a chur chun cinn arís maidir le táirgí agus seirbhísí digiteacha;

AG MEABHRÚ DI an **Teachtaireacht ón gCoimisiún "Clár Oibre Digiteach don Eoraip"**[3], inar moladh creat chun leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ionas go gcothófar nuálaíocht, fás eacnamaíoch agus táirgiúlacht;

AG MEABHRÚ DI an **Teachtaireacht ón gCoimisiún "I gcomhair Athbheochan Tionsclaíoch"**[4], ina luaitear go bhfuil ról ag an Aontas, ag na Ballstáit ag na réigiúin agus ag an tionsclaíocht chun digitiú na bpróiseas gnó a chothú agus chun an ghné thionsclaíoch a fhorbairt sa chlár oibre digiteach;

AG MEABHRÚ DI an **Suirbhé Bliantúil Fáis 2015**[5], ina ndearbhaítear nach amháin go bhfuil TFC ina earnáil ach freisin ina bhunús do gheilleagar nua-aimseartha nuálach, agus ina n-aithnítear an gá le hathchóirithe struchtúracha a bhaineann le Margadh Aonair Digiteach a bhunú (DSM), atá riachtanach chun go mbeidh an geilleagar Eorpach níos iomaíche;

[1] UK: forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta.
[2] 169/13.
[3] 9981/10 REV 1.
[4] 5489/14.
[5] 15985/14.

AG MEABHRÚ DI a **Conclúidí maidir le Beartas an Mhargaidh Aonair**[6], inar leagadh béim ar na buntáistí a bhaineann le Margadh Aonair agus DSM níos láidre agus ar a n-acmhainneacht chun fás níos airde agus poist nua a chothú, agus chun iomaíochas domhanda an Aontais a fheabhsú.

1. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá claochlú digiteach thionsclaíocht an Aontais chun poist a chruthú, chun borradh a chur faoin táirgiúlacht agus chun iomaíochas ghnólachtaí an Aontais a fheabhsú. Ní amháin go bhfuil feidhm ag an gclaochlú sin maidir le tionsclaíocht mar *sholáthraí* earraí agus seirbhísí digiteacha, ach freisin mar *úsáideoir* earraí agus seirbhísí digiteacha; tá impleachtaí forleathana freisin aige sin ar an tslabhra breisluacha ar fad, lena n-áirítear forbairt táirgí nua, atá tíosach ar acmhainní agus nuálach agus teicneolaíochtaí, seirbhísí agus samhlacha gnó. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis don Mhargadh Aonair Digiteach[7], agus IARRANN SÍ go ndéanfar plean gníomhaíochta chun tionsclaíocht a dhigitiú;

2. CUIREANN SÍ BÉIM ar an bhfíric go réamh-mheastar go nginfear le DSM atá nasctha ina iomlán fás breise suas le EUR 260 billiún san Eoraip faoi 2020 i gnóthachain éifeachtúlachta bhliantúla[8]; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus is ábhar imní di, nach mbaineann ach 14% d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) leas as an Idirlíon chun nithe a dhíol ar líne[9] agus níos lú ná 2% de na fiontair chun leas iomlán a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha ardleibhéil, cé go raibh 40% nár ghlac aon teicneolaíocht dhigiteach[10];

---

6 6197/15.

7 8672/15.

8 "Mapáil na gCostas a bhaineann le Neamh-Eoraip 2014-19", staidéar a d'fhoilsigh Parlaimint na hEorpa i mí Iúil 2014 (luaite i 15985/14).

9 Scórchlár an Chláir Oibre Dhigitigh 2014.

10 Suirbhé Eorpach IDC maidir le Margaí Ingearacha 2012.

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gá atá ann creat rialála atá simplí agus intuartha a chur chun cinn lena gcuirfear borradh faoin nuálaíocht maidir le hearnáil na tionsclaíochta a dhigitiú agus deireadh a chur le gach bac rialála nó neamhrialála nach bhfuil bonn cirt leo nó atá díréireach i ndáil le leas a bhaint as an acmhainneacht iomlán a bhaineann le claochlú digiteach na tionsclaíochta agus ríomhthráchtáil trasteorann; Sa chomhthéacs sin, ATHDHEARBHAÍONN sí a hiarraidh ar an gCoimisiún gné dhigiteach a thabhairt isteach ina Measúnuithe Tionchair; Ag an am céanna, SPREAGANN SÍ an Coimisiún an ghné dhigiteach sin maidir le reachtaíocht reatha an Aontais a leathnú chun a áirithiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm sin sa ré dhigiteach agus samhlacha nua gnó trí, mar shampla, a chlár REFIT, lena n-áirítear anailísí folláine, agus an Chomhairle a chur ar an eolas maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta faoi dheireadh 2016; **TUGANN SÍ DA hAIRE rún an Choimisiúin measúnú cuimsitheach a sheoladh ar an ról atá ag cláir oibre;**

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach treoirphlean Eorpach a fhorbairt chun na dea-chleachtais a mhapáil do chlaochlú digiteach thionsclaíocht na mBallstát faoi dheireadh 2016; ba cheart go mbeadh baint ag na cleachtais sin le bearta agus dreasachtaí le haghaidh chlaochlú digiteach thionsclaíocht na hEorpa a éascú, amhail ionaid-DEMO chun múscailt feasachta a éascú agus teicneolaíochtaí nuálacha atá tíosach ar acmhainní a bheith á n-úsáid, go háirithe do FBManna, samhlacha maidir le comhroinnt nó aistriú cearta maoine intleachtúla ó chuideachtaí móra, chomh maith le tionscadail taighde a fhaigheann maoiniú ón Aontas do FBManna, na modhanna chun faisnéis a bhailiú maidir le hinfheistíochtaí trasteorann agus ionaid barr feabhais le haghaidh an chlaochlú dhigitigh agus braislí beartais maidir le slabhraí luacha tionsclaíocha nua a bhaineann le TFC;

5. AITHNÍONN SÍ, má tá athrú go tionsclaíocht chliste agus inbhuanaithe le bheith ann, go bhfuil gá le hidir-inoibritheacht na dteicneolaíochtaí agus na seirbhísí digiteacha, agus na gcóras digiteach ar an leibhéal Eorpach agus ar fud an domhain sa slabhra luacha iomláin, chomh maith le bonneagar iomchuí leathanbhanda, d'fhonn a áirithiú go mbeidh táirgí agus seirbhísí digiteacha ar ardchaighdeán, slán agus iontaofa;

IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil beartaithe ag an gCoimisiúin go n-oibreoidh sé leis an tionsclaíocht, le geallsealbhóirí ábhartha eile agus le comhlachtaí um chaighdeánú chun na caighdeáin is tábhachtaí a shainaithint chun an tionsclaíocht a dhigitiú agus plean a chur faoi bhráid na Comhairle faoi lár na bliana 2016, lena n-éascófar go mbeidh an tionsclaíocht agus an tsochaí in ann na caighdeáin sin a úsáid ar bhealach comhleanúnach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis seo na caighdeáin ábhartha a bhaineann le cumarsáid gan sreang 5G, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, Mórshonraí, sonraí idir-inoibritheacha agus an néalríomhaireacht, lena dtugtar tacaíocht d'iomaíochas tionsclaíoch i réimsí amhail ardmhonaraíocht, córais chliste iompair, eangacha cliste, cibearshlándáil chorparáideach agus r-shláinte;

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh na caighdeáin Eorpacha atá á bhforbairt i TFC á mbunú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le sonraíochtaí teicniúla arna sainaithint ar fud an domhain agus, nuair is féidir, á gcur chun cinn mar chaighdeáin idirnáisiúnta. Is amhlaidh atá, go háirithe i réimsí amhail formáidí sonraí, doiciméid dhigiteacha, sínithe digiteacha, ríomhsholáthar uile-Eorpach, cuntasaíocht sa timpeallacht dhigiteach agus malartú sonraí trasteorann, chomh maith le modhanna eile maidir le ríomhaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe; chun cumhacht a thabhairt do chuideachtaí Eorpacha bheith ag oibriú ar bhealach níos fusa agus níos sábháilte thar theorainneacha an Aontais agus chun go bhforbróidh siad chun bheith ina ngníomhaithe domhanda; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofar cosaint leordhóthanach sonraí agus slándáil TF agus na caighdeáin Eorpacha á gcur le chéile;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir ról tábhachtach a bheith ag uirlisí digiteacha maidir le leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an ilteangachais i dtaca le gnó a dhéanamh sa Mhargadh Aonair, go háirithe i dtaca le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide a bhfuil cumas measartha teoranta acu sna réimsí riaracháin, airgeadais agus bainistíochta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún forbairt uirlisí digiteacha trasteorann idir-inoibritheacha a spreagadh, mar shampla i réimse an aistriúcháin uathoibríoch;

8. AITHNÍONN SÍ gur gá tuilleadh a dhéanamh mar aon le DSM a thabhairt chun críche chun a áirithiú gur féidir le cuideachtaí an gnó a dhéanann siad a mhéadú go héasca laistigh de AE agus sa chomhthéacs domhanda, cé go bhfuil teiste láidir ag AE mar gheall ar a chuideachtaí nuálacha, go háirithe na FBManna, lena n-áirítear cuideachtaí digiteacha nuathionscanta; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, lena n-áirítear trí bhíthin foinsí airgeadais neamhbhaincéireachta agus foinsí nua airgeadais don fhás, d'fhonn tacú le cuideachtaí nuathionscanta agus leis na FBManna atá ann cheana ar mian leo infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht dhigiteach ionas go gcuirfear feabhas ar a gcuid gnó agus go leathnófar é; SPREAGANN SÍ an Coimisiún agus na Ballstáit dálaí fabhracha a chur chun cinn chun maoiniú do gnáthscair, caipiteal malartach agus caipiteal fiontair a mhéadú, go háirithe maidir le céimeanna infheistíochta iar-shíolchaipitil, síolchaipitil, luathchéime agus méadaitheacha, agus sa chomhthéacs sin, MEASANN SÍ gur féidir ról úsáideach a bheith ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS), ciste a bheidh ann amach anseo.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh go mbeadh ar an Eoraip aghaidh a thabhairt ar ghanntanas de suas le 825.000 gairmí TFC faoin mbliain 2020, agus go bhfuil an baol ann go gcuirfí teorainn, leis an méid sin, lena cumas i dtaca le hiomaíochas agus fás[11]; CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go mbeidh éifeacht ag claochlú digiteach thionsclaíocht na hEorpa ar an-chuid post traidisiúnta agus go gcruthófar éileamh méadaitheach ar oibrithe atá oilte in ábhair dhigiteacha i réimsí amhail slabhra an tsoláthair a bhainistiú, monaraíocht, anailís sonraí, margaíocht, soláthar, seirbhís do chustaiméirí etc.; IARRANN SÍ AR na Ballstáit a áirithiú go mbeidh scileanna digiteacha iomchuí ar an gcuraclam oideachais, lena n-áirítear i bhfoghlaim feadh an tsaoil, sna cláir oiliúna agus athoiliúna do na saoránaigh uile agus don phobal gnó, go háirithe sna hearnálacha nach earnálacha TFC iad, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar aitheantas, ar bhonn comhpháirteach, do cháilíochtaí gairmiúla TFC ar feadh an Aontais ionas go n-eascófar soghluaisteacht trasteorann ghairmithe TFC; CUIREANN SÍ i bhFÁTH go bhfuil comhar le lucht tionsclaíochta agus le páirtithe leasmhara eile ríthábhachtach chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, agus IARRANN SÍ go leanfar ar aghaidh leis an Mór-Chomhghuaillíocht le haghaidh Post Digiteach;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le taighde, forbairt agus nuáil i mbunathrú digiteach na tionsclaíochta agus i roghnú teicneolaíochtaí nua atá tíosach ó thaobh acmhainní agus nuálach, agus dá bhrí sin IARRANN SÍ go ndíreofar i TFN ar threoirthionscadail, ar thionscadil léirsithe agus ar thionscadail atá gar don mhargadh, ar tionscadail iad lena gcuirtear bunathrú digiteach na tionsclaíochta chun cinn trí nuáil dhigiteach agus ag a bhfuil an cumas na tionscail thraidisiúnta a thiontú ina dtionscadail chliste agus inbhuanaithe (mar shampla iompar cliste, fuinneamh cliste, talmhaíocht chliste, tithe cliste, cúram sláinte atá cliste, mórdhíol cliste etc.); ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar lucht na tionsclaíochta comhordú a mhéadú ar thaighde, ar fhorbairt theicneolaíoch agus ar nuáil i dteicneolaíocht dhigiteach ar fud an Aontais, gnéithe atá thíos i gcónaí mar gheall ar ilroinnt i gcomparáid le príomhiomaitheoirí na hEorpa lena gcuirtear teorainn leis an éifeacht fhoriomlán a d'fhéadfadh a bheith ag an teicneolaíocht dhigiteach ar iomaíochas thionsclaíocht na hEorpa;

---

11 "Ríomhscileanna agus ríomhscileanna ceannaireachta 2020: Treochtaí agus tuartha do mhargadh an tsaothair i gceannaireacht ghairmiúil agus dhigiteach Eorpach ar TFC" (2015), ar fáil ag http://leadership2015.eu/documents/agus ag http://eskills-lead.eu/documents/.

11. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá geilleagar sonraíbhunaithe; MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dlús a chur lena gcuid iarrachtaí chun cur leis an muinín agus leis an iontaobh atá ag táirgeoirí agus ag tomhaltóirí araon as teicneolaíochtaí digiteacha agus a áirithiú go mbeidh leibhéal ard slándála ann do na gréasáin agus don fhaisnéis dhigiteach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE na sochair a bhaineann le hidirbhearta digiteacha trasteorann atá slán, mar a léirítear leis na dea-chleachtais trasteorann, rud a d'fhéadfadh na costais riaracháin a laghdú do ghnólachtaí a oibríonn ar fud na dtíortha rannpháirteacha trína chur ar a gcumas doiciméid dhigiteacha a shíniú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá ann a áirithiú go mbeidh úsáid sonraí trachtála digiteacha ar bhonn tráchtála, (i dtáirgeadh agus i seirbhísí chomh maith) ag luí le cosaint sonraí na tionsclaíochta agus cosaint na sonraí pearsanta araon agus le príobháideacht;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún prionsabail Chairt Sonraí Oscailte G8[12] a chur chun feidhme tuilleadh faoi lár 2016 agus IARRANN SÍ ar Bhallstáit an Aontais déanamh amhlaidh, toisc go gcuirfear deiseanna breise ar fáil don tionsclaíocht, go háirithe do na cuideachtaí nuathionscanta, leis an méid sin, ionas go ndéanfar nuáil agus go dtiocfar ar réitigh nua thráchtála agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an dea-chleachtas a leagan amach a bhaineann le tionscnaimh shonraí oscailte sna Ballstáit (lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach) faoi dheireadh 2016;

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Chomhairle Iomaíochais faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar in mbunathrú digiteach na tionsclaíochta, i bhfiontraíocht dhigiteach agus i gcur chun feidhme Straitéis DSM, agus, maidir leis an méid sin, IARRANN SÍ AR an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais maidir le dul chun cinn na spriocanna sin - ag tosú i mí na Bealtaine 2016.

---

12 http://ec.europa.eu/digital-agenda/en/news/eu-implementation-g8-open-data-charter